Scan an cód QR chun an lámhleabhar a fheiceáil.

LÁMHLEABHAR ÚINÉARA

AERCHÓIRITHEOIR

Chun an táirge a úsáid ar bhealach sábháilte áisiúil, léigh lámhleabhar an úinéara sula n-úsáideann tú an táirge.

GAEILGE

CINEÁL: SUITE AR AN MBALLA

MFL05930603
Rev.00_111126

www.lg.com

Copyright © 2026 LG Electronics. All Rights Reserved

CLÁR AN ÁBHAIR

B'fhéidir nach ionann na híomhánna ná an t-ábhar sa lámhleabhar seo agus an cineál a cheannaigh tú.

Bíonn an lámhleabhar seo faoi réir a n-athbhreithnithe ag an monaróir.

TREORACHA SÁBHÁILTEACHTA

LÉIGH GACH TREOIR ROIMH ÚSÁID 3
TREORACHA RABHAIDH 4
TREORACHA AIRE 9

OIBRIÚCHÁN

Roimh Úsáid 12
Achoimrí ar an Táirge 13
Ullmhúchán roimh Oibriúchán 14
Achoimre ar an gCianrialtán Gan Sreang 16
Móid Oibriúcháin a Úsáid 19
Feidhmeanna Speisialta a Úsáid 24

FEIDHMEANNA CLISTE

Feidhmchlár LG ThinQ 38
Aithint trí LG ThinQ a Úsáid 42

COTHABHÁIL

Glanadh 44

FABHTCHEARTÚ

Sula nGlaofar ar an Seirbhísiú 54

TREORACHA SÁBHÁILTEACHTA

LÉIGH GACH TREOIR ROIMH ÚSÁID

Tá na treoracha seo a leanas beartaithe go gcoisceann baoil gan choinne ná damáiste ó oibriúchán contúirteach nó mícheart an ghléis.

Tá na treoracha roinnte ina 'RABHADH' agus 'AIRE' mar a chuirtear síos thíos.

Teachtaireachtaí Sábháilteachta

⚠ Taispeántar an tsiombail seo chun ceisteanna agus oibriúcháin is féidir a bheith ina chúis le baol.
Léigh an chuid leis an tsiombal seo go cúramach agus lean na treoracha chun baol a sheachaint.

⚠ **RABHADH**

Léiríonn sé seo is féidir mainneachtain treoracha a leanúint a bheith ina chúis le drochghortú nó bás.

⚠ **AIRE**

Léiríonn sé seo is féidir mainneachtain treoracha a leanúint a bheith ina chúis le mionghortú nó damáiste don táirge.

Nótaí maidir le Cuisneáin Inlasta

Taispeántar na siombailí seo a leanas ar na haonaid.

	Léiríonn an tsiombail seo go n-úsáidtear cuisneán inlasta sa ghléas seo. Má sceitear an cuisneán agus má nochtar é d'fhoinse sheachtrach adhainte, tá baol dóiteáin ann.
	Léiríonn an tsiombail seo gur chóir Lámhleabhar an Úinéara a léamh go cúramach.
	Léiríonn an tsiombail seo gur chóir do phearsanra seirbhíse a bheith ag láimhseáil an trealaimh seo agus iad ag tagairt don Lámhleabhar Suiteála.
	Léiríonn an tsiombail seo go bhfuil faisnéis le fáil i Lámhleabhar an Úinéara nó sa Lámhleabhar Suiteála.

TREORACHA RABHAIDH

⚠ RABHADH

- Chun an baol pléisce, dóiteáin, báis, turrainge leictreaí, gortaithe nó scallta ar dhuine a laghdú nuair a úsáidtear an táirge, lean réamhchúraimí bunúsacha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

Sábháilteacht Theicniúil

- Tig le páistí atá 8 mbliana d'aois agus níos sine agus daoine a bhfuil a gcumais fhisicúla, chéadfacha nó mheabhair laghdaithe nó atá gan taithí agus gan feasacht feidhm a bhaint as an ngléas seo má tá siad faoi mhaoirseacht nó má teagascadh dóibh conas feidhm a bhaint as an ngléas ar bhealach atá slán agus ar choinníoll go dtuigeann siad na guaiseacha a bhaineann leis. Níor chóir do pháistí súgradh leis an ngléas. Níor chóir do pháistí gan mhaoirseoireacht an gléas a ghlanadh ná é a chothabháil.
- D'fhéadfadh suiteáil nó deisiúcháin déanta ag daoine neamhúdaraithe a bheith contúirteach duit agus do dhaoine eile.

- Tá an fhaisnéis sa lámhleabhar beartaithe le húsáid ag teicneoir seirbhísithe cáilithe a bhfuil taithí gnásanna sábháilteachta aige agus a bhfuil na huirlisí cuí agus na hionstraimí tástála cuí aige.
- Mura léifear agus leanfar gach treoir sa lámhleabhar, is féidir leo a bheith ina chúis le mífheidhm trealaimh, damáiste maoine, díobháil pearsanta agus/nó bás.
- Tá gnásanna diúscartha speisialta ag teastáil ón gcuisneán agus ngás séidte inslithe atá úsáidte sa ghléas. Faigh comhairle ó ghníomhaire seirbhísithe nó dhuine go sna cáilíochta céanna sula ndiúscrófar iad.
- Nuair is gá an corda cumhachta a athsholáthar, is é pearsanra údaraithe a dhéanfaidh an obair athsholáthair, agus ní bhainfidh siad úsáid ach as fíorpháirteanna athsholáthair.
- Má tá an corda soláthair damáistithe, ní mór don mhonaróir, dá ghníomhaire seirbhíse nó do dhuine a bhfuil cáilíochtaí comhchosúla aige é a athsholáthar chun guais a sheachaint.
- Suiteálfar an gléas de réir rialacha sreangaithe náisiúnta.
- Ní mór slí dícheangail a bheith corpraithe sa sreangaithe feistithe de réir rialacha sreangaithe.
- Ní mór an gléas seo a bheith talmhaithe i gceart chun baol turrainge leictrí a laghdú.
- Ná gearr nó bain an beangán talmhúcháin as an bplocóid chumhachta.
- Ní thalmhaíonn ceangal sreinge thalmhaithe le scriú clúdaigh an tsoicéid cumhachta an gléas mura bhfuil scriú an chlúdaigh miotalach, neamhinslithe agus go dtalmhaítear an soicéad cumhachta trí shreangú an tí.
- Má tá aon amhras agat cé acu atá an t-aerchóiritheoir talmhaithe i gceart, iarr ar leictreoir cáilithe an soicéad cumhachta agus an ciorcad cumhachta a sheiceáil.
- Níl an gléas seo beartaithe le bheith inrochtana don phobal ginearálta.

Suiteáil

- Déan teagmháil le lárionad seirbhíse údaraithe nuair a bhítear ag suiteáil agus ag athshuí an aerchóiritheora.
- Ná suiteáil an t-aerchóiritheoir ar dhromchla míshocair nó in áit a bhfuil contúirt ann go dtitfidh sé.
- Ná déan suiteáil ar an aonad in atmaisféar atá pléascach go tualangach.
- Ná suiteáil an t-aerchóiritheoir in áit a bhfuil leachtanna nó gáis inadhainte amhail peitreal, própán, caolaitheoir péinte, srl., stóráilte.
- Suiteáil an painéal agus an clúdach an bhosca rialaithe go sábháilte.
- Suiteáil soicéad leictreach agus scoradán ciorcaid tiomnaithe sula n-úsáidtear an t-aerchóiritheoir.
- Úsáid scoradán ciorcaid agus fiús caighdeánach a chomhlíonann an grádú an aerchóiritheora.
- Cinntigh nach bhfuil an píopa agus cábla cumhachta a cheanglaíonn na haonaid faoi dhíon agus faoin aer tarraingthe ródhaingean nuair a bhítear ag suiteáil an aerchóiritheora.
- Ní mór na cónaisc sreinge faoi dhíon/faoin aer a cheangal go daingean, agus ba cheart an cábla a leagan i gceart ionas nach bhfuil aon fhórsa ag tarraingt an chábla ó na teirminéil cheangail. Is féidir le cónaisc mhíchearta nó scaoilte a bheith ina gcúis le teas nó dóiteán.
- Ná ceangal an tsreang thalmhaithe le píopa gáis, seoltóir tintrí nó sreang thalmhaithe teileafóin.
- Úsáid gás neamh-inadhainte (nítrigin) chun sceitheanna a sheiceáil agus aer a sciúradh; d'fhéadfadh úsáid aeir comhbhrúite nó gáis inadhainte a bheith ina chúis le dóiteán nó pléasc.

Oibriúchán

- Ná hathraigh agus ná méadaigh an cábla cumhachta. D'fhéadfadh scríobhadh nó scamhadh inslithe ar na cáblaí cumhachta a bheith ina chúis le dóiteán nó turraing leictreach, agus ba cheart a leithéid a athsholáthar.
- Cinntigh nach bhfuil an cábla cumhachta salach, scaoilte nó briste.

- Ná cuir aon rud ar an gcábla cumhachta.
- Ná cuir téitheoir nó gléas téimh eile in aice leis an gcábla cumhachta.
- Bí cúramach agus cinntigh nach féidir an cábla cumhachta a tarraingt amach agus nach féidir damáiste a dhéanamh dó le linn oibriúcháin.
- Ná teagmhaigh leis, ná hoibrigh, agus ná deisigh an táirge le lámha fliucha.
- Ná cuir lámha nó rudaí eile isteach san ionraon aeir ná san asraon aeir nuair atá an táirge ag oibriú.
- Cinntigh nach ndreapann ná nach mbuaileann leanaí an t-aonad faoin aer.
- Ná húsáid ach na páirteanna sin atá liostaithe sa liosta páirteanna seirbhísithe. Ná féach le hathrú a chur ar an trealamh.
- Ná teagmhaigh leis an bpíopa cuisneáin, píopa uisce ná le haon pháirteanna istigh nuair atá an t-aonad ag oibriú nó i ndiaidh oibriúcháin láithreach.
- Ná fág substaintí inadhainte amhail peitreal, beinséin, ná caolaitheoir in aice leis an aerchóiritheoir.
- Ná húsáid an t-aerchóiritheoir ar feadh tréimhse fhada i limistéar beag gan aeráil chuí.
- Cinntigh go n-aeráiltear an limistéar go leordhóthanach nuair a úsáidtear an t-aerchóiritheoir agus gléas téimh amhail téitheoir san am céanna.
- Ná bac an t-ionraon ná an t-asraon aershreibhe.
- Gearr an soláthar cumhachta má tá aon fhuaim, bholadh nó toit ag teacht ón aerchóiritheoir.
- Déan teagmháil le lárionad seirbhíse údaraithe nuair a thumtar an t-aerchóiritheoir i dtuile uisce.
- I gcás sceitheadh gáis (amhail Freon, gás própáin nó gás LP) aeráil go leordhóthanach sula n-úsáidtear an t-aerchóiritheoir arís.
- Gearr an soláthar cumhachta láithreach i gcás cliste cumhachta nó stoirme thoirní.

Cianrialtán

- Bain na cadhnraí mura n-úsáidfear an cianrialtán ar feadh tréimhse fhada.
- Ná measc cineálacha éagsúla cadhnraí, ná seanchadhnraí agus cadhnraí nua, sa chianrialtán.
- Ná déan na cadhnraí a athluchtú nó a bhaint óna chéile.
- Scoir d'úsáid an chianrialtáin má tá sreabhán ag sceitheadh ón gcadhnra. Má nochtar d’éadaí nó do chraiceann don sreabhán cadhnra sceite, nigh le huisce glan iad.
- Má shlogadh an sreabhán cadhnra sceite, sruthlaigh an taobh istigh den bhéal go hiomlán agus faigh comhairle ó dhochtúir.
- Diúscair na cadhnraí in áit nach bhfuil aon bhaol dóiteáin.

Cothabháil

- Sula nglantar an gléas agus sula ndéantar cothabháil air, dícheangail an soláthar cumhachta agus fan go stopann an gaothrán.
- Ná glan an gléas trí uisce a spraeáil díreach ar an táirge.

Cuisneán

Ginearálta

- Ná húsáid ach an cuisneán sonraithe ar lipéad an aerchóiritheora.
- Ná húsáid cuisneáin neamhdheimhnithe.
- Ná cuir aer nó gás isteach sa chóras seachas an cuisneán sonraithe.
- Ná teagmhaigh leis an gcuisneán sceite le linn suiteála ná deisithe.
- Cinntigh go seiceáiltear an bhfuil sceitheanna cuisneáin ann tar éis an táirge a shuiteáil nó a dheisiú.
- Ní mór an gléas a stóráil ar chaoi nach dtarlóidh damáiste meicniúil dó.

R32 Amháin



- Aon duine a bhfuil baint aige/aici le hobair ar chiorcad cuisneáin nó le briseadh isteach i gciorcad cuisneáin, ba cheart deimhniú bailí reatha a bheith aige/aici ó údarás measúnúcháin atá creidiúnaithe ag an tionscal, ar deimhniú é lena n-údaraítear inniúlacht an duine sin cuisneáin a láimhseáil go sábháilte i gcomhréir le sonraíocht mheasúnúcháin atá aitheanta ag an tionscal.
- Ní dhéanfar seirbhísiú ach amháin mar a mholann an monaróir trealaimh. Aon chothabháil agus deisiú a éilíonn cúnamh ó phearsanra oilte eile, déanfar é faoi mhaoirseacht an duine atá inniúil ar chuisneoirí inlasta a úsáid.
- Stórálfar an gléas i limistéar dea-aeráilte ina bhfreagraíonn méid an tseomra d'achar an tseomra mar a shonraítear lena oibriú.
- Ní mór aon oscailtí riachtanacha aerála a choinneáil saor ó bhac.
- Ní mór an gléas a stóráil i seomra gan lasracha oscailte (mar shampla gléas gáis atá ar siúl) ná foinsí adhainte (mar shampla téitheoir leictreach atá ar siúl) a bhíonn ar siúl go leanúnach.

TREORACHA AIRE

⚠ AIRE

- Chun an baol mionghortaithe ar dhuine, mífheidhme, nó damáiste don táirge nó don mhaoin a laghdú nuair a úsáidtear an táirge, lean réamhchúraimí bunúsacha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

Suiteáil

- Iompair an t-aerchóiritheoir le beirt nó níos mó nó bain úsáid as forcardaitheoir.

- Suiteáil an t-aonad faoin aer ar bhealach a chosnaítear ó sholas díreach na gréine é. Ná cuir an t-aonad faoi dhíon in áit a nochtar don solas díreach na gréine é trí na fuinneoga.
- Ná suiteáil an táirge i limistéar a nochtar do ghaoth na farraige (cáitheadh salainn) é.
- Suiteáil an t-osán draenála i gceart le draenáil éasca comhdhlúthaithe.
- Suiteáil an t-aerchóiritheoir in áit nach gcuirfear trioblóid ar do chomharsana leis an bhfuaim ón aonad faoin aer nó leis an múch sceite. Mura ndéanfar amhlaidh, d'fhéadfadh aighneas a bheith ann leis na comharsana.
- Diúscair trealaimh pacáistíochta amhail scriúnna, tairní, málaí plaisteacha nó cadhnraí go sábháilte trí úsáid a bhaint as pacáistíocht cheart i ndiaidh suiteála nó deisiú.
- Bí cúramach nuair a bhítear ag díphacáil nó ag suiteáil an aerchóiritheora.

Oibriúchán

- Cinntigh go bhfuil an scagaire suiteáilte sula n-oibrítear an taerchóiritheoir.
- Ná hól an t-uisce atá draenáilte ón aerchóiritheoir.
- Ná cuir aon rud ar an aerchóiritheoir.
- Ná lig an t-aerchóiritheoir a oibriú ar feadh tamall fada nuair atá bogthaise an-ard ná nuair a fhágtar doras nó fuinneog oscailte.
- Ná ligtear an fuacht ná teas ón aerchóiritheoir chuig daoine, ainmhithe ná plandaí ar feadh tréimhsí fada ama.
- Ná húsáid an táirge le haghaidh cuspóiríspeisialta, amhail ag leasú bianna nó saothair ealaíne. Tá an t-aerchóiritheoir deartha le haghaidh tomhaltóirí agus ní córas beachtchuisniúcháin atá ann. Tá baol ann go ndéanfar damáiste do mhaoin nó go gcaillfear maoin.

Cothabháil

- Úsáid stól nó dréimire téagartha nuair a bhítear ag glanadh, ag déanamh cothabháil air nó ag deisiú an t-aerchóiritheoir ag airde.
- Ná húsáid oibreáin glanta láidre nó tuaslagóirí riamh agus ná spraeáil uisce in am ar bith nuair a bhítear ag glanadh an t-aerchóiritheoir. Úsáid éadach bog.
- Ná teagmhaigh leis na codanna miotail an aerchóiritheora nuair a bhítear ag baint an scagaire aeir.
- Chun an taobh istigh a ghlanadh, déan teagmháil le lárionad seirbhíse údaraithe nó le díoltóir. Is féidir le húsáid glantach díobhálach a bheith ina chúis le creimeadh nó le damáiste a dhéanamh don aonad.

OIBRIÚCHÁN

Roimh Úsáid

Nótaí le haghaidh Oibriúcháin.

- Socraigh an treo an aershreibhe go hingearach nó go cothrománach chun aer faoi dhíon a imshruthú.
- Géaraigh an gaothrán ar a luas chun an t-aer faoi dhíon a fhuarú nó a théamh go tapa i dtréimhse ghearr.
- Cas an gléas as agus oscail fuinneoga anois agus arís le haghaidh aeraú. D'fhéadfadh cáilíocht an aeir faoi dhíon dul in olcas má úsáidtear an gléas ar feadh tréimhsí fada.
- Glan an scagaire aeir uair amháin gach coicís. D'fhéadfadh dusta agus salachair atá bailithe sa scagaire aeir an aershreabh a chosc nó feidhmiú an ghléis a laghdú.

Moltaí le haghaidh Shábháil Fuinnimh

- Ná rófhuaraigh an spás. D'fhéadfadh sé seo dochar a dhéanamh do do shláinte agus d'fhéadfaí breis leictreachais a ídiú dá bharr.
- Bac solas na gréine le dallóga nó cuirtíní nuair atá tú ag oibriú an gléas.
- Fág doirse agus fuinneoga dúnta go docht nuair atá tú ag oibriú an gléas.

Achoimrí ar an Táirge

Feistithe ar an mBalla



1. Scagaire Aeir
2. Gaothairí Aer-iontógála
3. Clúdach Tosaigh
4. Sraonaire Aeir (Lúvar Clé-Deas)
5. Sraonaire Aeir (Eite Suas-Síos)
6. Príomhghaothairí Asraoin Aeir
7. Gaothairí Asraoin Aeir Bhoig
8. Cnaipe Cumhachta

NÓTA

- D'fhéadfadh an uimhir agus áit choda a athrú ag brath ar chineál an ghléis.
- D'fhéadfadh gnéithe a athrú ag brath ar an gcineál.

Ullmhúchán roimh Oibriúchán

Cadhnraí a Chur isteach sa Chianrialtán Gan Sreang

Cuir cadhnraí AAA (1.5 V) isteach sa chianrialtán gan sreang.

1 Bain an clúdach cadhnra.



2 Cuir na cadhnraí nua isteach, ag cinntiú go bhfuil teirminéil + agus - na gcadhnraí curtha isteach i gceart.



3 Sleamhnaigh an clúdach ar ais isteach san ionad cuí.



NÓTA

- Nuair a thosaíonn scáileán an chianrialtáin gan sreang ag dul in éag, athraigh na cadhnraí AAA (1.5V).
- Ná húsáid seanchadhnraí agus cadhnraí nua le chéile.
- Ná húsáid ceallraí seachas ceallraí alcaile.

Fahrenheit nó Celsius a Roghnú

Socraigh an scáileán teochta chun aonaid Fahrenheit (℉) nó Celsius (℃) a thaispeáint.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



3 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go splancann an deilbhín thíos ar an scáileán taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



4 Brúigh an cnaipe < nó > chun aonaid Fahrenheit (℉) nó Celsius(℃) a shocrú.

- Gach uair a bhrúitear cnaipe, athraíonn an fheidhm san ord seo: ℃ ↔ ℉

5 Ansin brúigh an cnaipe **OK**.

Achoimre ar an gCianrialtán Gan Sreang

Cianrialtán Gan Sreang

Is féidir úsáid a bhaint as an gcianrialtán gan sreang chun an gléas a oibriú níos éasca.



Íomhá	Cur síos
	Cumhacht Castar an táirge air nó as.
	Nascadh le LG ThinQ Brúigh agus coinnigh síos an cnaipe **Cumhacht** ar feadh 3 shoicind nó mar sin chun an stádas a ullmhú leis an ngléas a nascadh le Wi-Fi.

Íomhá	Cur síos
	**Mode** Roghnaíonn sé an mód inmhianaithe oibriúcháin. • Athraíonn gach brú na móid san ord seo: **Fuarú ⟶ Uath ⟶ Díthaisiú ⟶ Téamh ⟶ Gaothrán**.
	**Luascadh Suas-Síos** Socraíonn sé an treo an aershreafa suas agus síos.
	Mód Glantacháin Agus an cianrialtán is an gléas casta as, coinnigh brúite an cnaipe ar feadh thart ar 3 soicind chun an eite a shocrú ionas gur féidir an eite a ghlanadh gan stró.
	**Luascadh Clé-Deis** Socraíonn sé treo an aershreafa ar chlé agus ar dheis.
	**AI Air** Déan an timpeallacht agus gnéithe an úsáideora a aimsiú chun oibriú go huathoibríoch.
	**Teocht ∧, ∨** Socraíonn sé teocht sprioc an tseomra.
	**Luas Feain +, −** Socraíonn sé luas an ghaothráin.
	**Jet/Soft** Roghnaíonn sé modh **Jet** nó feidhm **Soft Air**.
	**Energy Ctrl.** Laghdaítear an t-ionchur cumhachta. Is féidir an t-ídiú fuinnimh a rialú.
	**Air Purify** Úsáideann an gineadóir Iain na milliúin ian chun cuidiú le feabhsú cáilíochta aeir faoi dhíon.
	**Sleep** Casann sé as an gléas go huathoibríoch ag am inmhianaithe. Úsáid roimh chodladh.

Íomhá	Cur síos
	**Light** Castar scáileán an aonaid faoi dhíon air nó as. Athraítear é de réir é a bheith ina lá nó ina oíche.
	**Sound** Casann sé air nó as fuaim fógra a tharlaíonn nuair a shocraíonn nó athraíonn tú feidhmeanna an ghléis.
	**<, >** Déanann sé nascleanúint ar shocruithe leis na cnaipí clé agus deis.
	**OK** Socraíonn sé feidhmeanna speisialta.
	**Roimhe** Le linn socruithe a chur isteach, brúigh an cnaipe **Roimhe seo** chun dul siar go dtí an socrú roimhe sin.
	**Feidhm** Roghnaítear an fheidhm inmhianaithe.
	**❶ Athshocraigh** Athshocraítear socruithe an chianrialtáin gan sreang.

Móid Oibriúcháin a Úsáid

An Cianrialtán Gan Sreang a Oibriú

Dírigh an cianrialtán gan sreang ar an nglacadóir comhartha ar thaobh deas den ghléas chun é a oibriú.



NÓTA

- D'fhéadfadh an cianrialtán gan sreang feistí leictreacha eile a oibriú má tá sé dírithe orthu. Cinntigh go ndírítear an cianrialtán gan sreang ar an nglacadóir comhartha an ghléis.
- Le haghaidh oibriúcháin chuí, úsáid éadach bog chun an tarchuradóir agus glacadóir comhartha a ghlanadh.
- Mura dtacaítear le feidhm san áireamh leis an gcianrialtán ar an ngléas, d'fhéadfadh an gléas gan é sin a léiriú le bús.

Fuarú, Uath, Díthaisiú, Téamh, Mód Gaothráin

Is féidir leat an mód oibriúcháin a athrú nuair atá an gléas casta air.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Mode** arís agus arís eile chun an mód oibriúcháin a athrú.



❄	Mód **Fuaraithe**
A *1	An mód **Uathoibriú** / An mód **Uathathrú** *1 Uathoibrítear an próiseas i dtaobh na socruithe cearta a roghnú do do spás-sa.
≋	Mód **Díthaisithe**
☼	Mód **Téamh**
✣	Mód **Gaothrán**

3 Brúigh an cnaipe ∧ nó ∨ chun an teocht sprioc a shocrú.



Nótaí maidir le Gach Mód Oibriúcháin

Mód Díthaisithe

- Ní féidir luas an ghaothráin a athrú.
- Sa mhód **Díthaisithe**, b'fhéidir nach n-oibreodh an comhbhrúiteoir agus an gaothrán faoi dhíon, chun fuarú iomarcach a chosc.
- Socraítear luach socraithe an mhodha **Díthaisiúcháin** go 60% ar dtús, ach is féidir é a athrú go 50% nó 55% trí **LG ThinQ** a úsáid.

Mód Gaothráin

- Taispeántar an ⌂ ar an aonad faoi dhíon.
- Ní féidir leat an teocht a choigeartú.

Mód Scairde

Is féidir teocht an tseomra a athrú go tapa.

- Tá an mód **Scaird** ar fáil leis na móid **Fuarú** agus **Téamh**.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Mode** arís agus arís eile chun an mód inmhianaithe a roghnú.



3 Brúigh an cnaipe **Jet/Soft**.



NÓTA

- **Mód Fuaraithe Scairde**

  Séidtear aer fuar láidir ar feadh 30 nóiméad. I ndiaidh 30 nóiméad, fillfidh an gléas go dtí na socruithe a bhí ann roimhe go huathoibríoch.

- **Mód Téimh Scairde**

  Séidtear aer te láidir ar feadh 30 nóiméad. I ndiaidh 30 nóiméad, fillfidh an gléas go dtí na socruithe a bhí ann roimhe go huathoibríoch.

- Níl an mód **Téamh Scairde** ar fáil ar roinnt samhlacha.

- D'fhéadfadh an mód **Scaird** oibriú ar bhealach difriúil i gcomparáid lena dtaispeántar ar scáileán an chianrialtáin.
- Má roghnaíonn tú modh **Scairde** i modh **Dídhaonnaithe**, oibreoidh sé i modh **Fuaraithe Scairde**.

Luas an Ghaothráin a Shocrú

Is féidir leat luas an ghaothráin a athrú tríd an gcnaipe + nó — a bhrú arís agus arís eile.



Luas	Deilbhín Cianrialtáin Gan Sreang	Deilbhín Aonaid Faoi Dhíon
Uath		-
Ard		F5
Meán - Ard		F4
Meán		F3
Meán - Íseal		F2
Íseal		F 1

NÓTA

- Athraítear go huathoibríoch luas gaothráin na Uath.
- Taispeántar na deilbhíní aonaid faoi dhíon ar roinnt aonaid faoi dhíon.
- Taispeánann scáileán an aonaid faoi dhíon deilbhíní luas an ghaothráin ar feadh 5 shoicind amháin agus tagann sé ar ais go dtí an teocht socraithe.

An Treo Aershreibhe a Shocrú

Is féidir leat an treo na haershreibhe a shocrú go hingearach nó go cothrománach.

An Treo Suas-Síos a Shocrú

- Brúigh an cnaipe arís agus arís eile chun treo an aershreafa a shocrú.



- Roghnaigh chun an treo suas-sios na haershreibhe a shocrú go huathoibríoch.

An Treo Clé-Deis a Shocrú

- Brúigh an cnaipe arís agus arís eile chun treo an aershreafa a shocrú.



- Roghnaigh chun an treo clé-deis na haershreibhe a shocrú go huathoibríoch.

NÓTA

- D'fhéadfadh an sraonaire aeir a shocrú gan fáth a bheith ina chúis le cliseadh gléis.
- Úsáideann an gléas an treo aershreafa socraithe deiridh nuair a atosaítear é. B'fhéidir nach mbeadh suíomh an tsraonaire aeir ag teacht leis an deilbhín a thaispeántar ar an gcianrialtáin gan sreang. Nuair a tharlaíonn sé sin, socraigh treo an aershreafa arís.

- D'fhéadfadh an fheidhm seo a oibriú ar bhealach difriúil mar a thaispeántar ar scáileán an chianrialtáin.

Lámhoibriúchán

Mura bhfuil do chianrialtán gan sreang le fáil, is féidir an gléas a chasadh air nó as tríd an gcnaipe **Cumhacht** ❶ a bhrú ar an aonad faoi dhíon.

- Brúigh an cnaipe **Cumhachta** ❶.



NÓTA

- Réamhshocraítear luas an ghaothráin ard.
- D'fhéadfadh gnéithe a athrú ag brath ar an gcineál.
- Ní féidir an teocht a athrú nuair a bhíonn an cnaipe **Cumhacht** ❶ in úsáid.
- Socraítear an teocht idir 22 ℃ agus 24 ℃ mar réamhshocrú.

Socruithe Roimhe a Athbhunú

Nuair a chuirtear an t-aerchóiritheoir ar siúl arís i ndiaidh cliseadh cumhachta, athbhunaíonn an fheidhm **Uath-Atosú** na socruithe roimhe sin.

Agus an gléas á úsáid den chéad uair, socraítear an fheidhm **Uath-Atosú**. Is féidir an fheidhm seo a chealú agus a shocrú tríd an gcnaipe **Cumhacht** ❶ bhrú ar an aonad faoi dhíon.

Uath-Atosú a Chealú

1 Brúigh agus coinnigh síos an cnaipe **Cumhachta** ❶ ar feadh 6 shoicind.

2 Nuair a bhípeálann an gléas dhá uair, scaoil an cnaipe **Cumhachta**❶. Splancfaidh an lampa dhá uair. Déanann sé seo arís 4 uair.

Uath-Atosú a Shocrú

1 Brúigh agus coinnigh síos an cnaipe **Cumhachta** ❶ ar feadh 6 shoicind.

2 Nuair a bhípeálann an gléas faoi dhó, scaoil an cnaipe **Cumhacht** ❶. Splancfaidh an lampa. Déanann sé é seo arís 4 huaire.



NÓTA

- D'fhéadfadh an ghné a athrú ag brath ar an gcineál.
- Má bhrúnn tú agus má choinníonn tú brúite an cnaipe **Cumhacht** ❶ ar feadh 3 - 5 soicind, in ionad 6 shoicind, athróidh an gléas chuig an oibriú tástála. San oibriú tástála, séideann an gléas aer fuarúcháin láidir amach ar feadh 18 nóiméad agus ansin filleann sé ar na réamhshocruithe monarchan.

Feidhmeanna Speisialta a Úsáid

An Fheidhm Íonúcháin Aeir (Ar Shamhlacha Áirithe)

Is féidir leat aer glan agus úr a sholáthar trí úsáid a bhaint as cáithníní iain agus an scagaire.

- Brúigh an cnaipe **Air Purify**.



Feidhm	Cur síos
Ianaitheoir	Laghdaíonn cáithníní ian ón ianaitheoir na baictéir dromchla agus substaintí dhíobhálacha eile.

⚠ RABHADH

- Ná teagmhaigh leis an ianaitheoir le linn oibriúcháin.

NÓTA

- Is féidir leat an fheidhm seo a úsáid gan an gléas a chasadh air.

Feidhm Rialúcháin Fuinnimh Gníomhach

Is féidir leat an t-ionchur cumhachta a laghdú.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Energy Ctrl.** arís agus arís eile chun an chéim inmhianaithe a roghnú.



Céim	Scáileán	Cur síos
1		Laghdaítear an tIonchur cumhachta 20% i gcomparáid leis an ionchur cumhachta rátáilte.

Céim	Scáileán	Cur síos
2	60%	Laghdaítear an tIonchur cumhachta 40% i gcomparáid leis an ionchur cumhachta rátáilte.
3 (ar roinnt cineálacha)	40%	Laghdaítear an tIonchur cumhachta 60% i gcomparáid leis an ionchur cumhachta rátáilte.

NÓTA

- Taispeántar 80, 60, 40 nó L (céim 1), LL (céim 2) ar roinnt de na haonaid faoi dhíon.
- Tá an fheidhm seo ar fáil le mód **Fuaraithe.**
- D'fhéadfadh an toilleadh a laghdú nuair atá an fheidhm**Rialú Fuinnimh Gníomhach** roghnaithe.
- Taispeántar an teocht sprioc ar feadh 5 shoicind má bhrúnn tú an cnaipe ∧ nó ∨.
- Taispeántar an luas gaothráin ar feadh 5 shoicind má bhrúnn tú an cnaipe + nó —.
- Nuair a bhíonn sé ceangailte leis an aonad Faoin Aer Iolrach, b'fhéidir nach mbeadh an fheidhm seo ar fáil.

Mód Aer IS

Athraítear luas an ghaothráin agus treo an aershreafa go huathoibríoch, bunaithe ar phatrúin úsáide a foghlaimíodh agus athruithe sa teocht chomhthimpeallach.

Má roghnaíonn tú an mód **Aer IS** déanann an t-aerchóiritheoir anailís ar an timpeallacht máguaird chun an teocht sprioc atá ag teastáil a bhaint amach go tapa. Déantar treo an aershreafa agus luas an ghaothráin a athrú go huathoibríoch chun na socruithe compoird a bhaint amach.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **AI Air**.



NÓTA

- Tá an fheidhm seo ar fáil leis an mód **Fuarú** agus **Téamh**.
- Taispeántar AI ar an scáileán taispeána.
- Chun an teocht sprioc atá ag teastáil a athrú, brúigh an cnaipe ∧ nó ∨ ar an gcianrialtán.
- Feidhmíonn an fheidhm roghnaithe má bhrúitear na cnaipí**Mode** nó **Jet/Soft** nuair a bhíonn an mód **Aer IS** ar siúl.
- D'fhéadfadh an fheidhm seo a oibriú ar bhealach difriúil ag brath ar an gcineál.

Aer Bog

Stiúrann an ghné seo aershreabhadh bog suas chun tú a choinneáil fuar gan sruth aeir a mhothú.

Leis an bhfeidhmchlár **LG ThinQ** is féidir leat teocht agus neart an tsreafa aeir a mhionchoigeartú.



❶ Normálta

❷ Aer Bog

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Jet/Soft** go dtí go bhfuil an deilbhín thíos ag barr an scáileáin taispeána.



NÓTA

- Nuair a chuirtear feidhm an **Aeir Bhog** i ngníomh, athraítear teocht an aeir a thagann amach as an ngléas agus dírítear an t-aershreabh aníos.
- Is féidir an fheidhm **Aer Bog** a úsáid leis an mód **Fuarú** agus leis an mód **Gaothrán**.
- Taispeántar So ar an scáileán taispeána.
- Chun an teocht sprioc atá ag teastáil a athrú, brúigh an cnaipe ∧ nó ∨ ar an gcianrialtán.
  - Féadfaidh an raon coigeartaithe teochta a bheith teoranta agus an fheidhm **Aer Bog** á úsáid.
- Brúigh an cnaipe + nó — chun luas an ghaothráin a shocrú.
- Ní fhéadfaidh teocht an aershreafa méadú nó laghdú ag brath ar na teochtaí laistigh agus lasmuigh.
- Nuair a nasctar leis an aonad Lasmuigh Iolrach, ní féidir leat teocht an aershreafa a choigeartú.

Braiteoir Daoine (Ar Shamhlacha Áirithe)

Aershreabh Díreach agus Indíreach

Braitheann an ghné seo daoine agus socraíonn sé aershreabh **Dhíreach** nó **Indíreach** bunaithe ar do chuid sainroghanna.

- **Aershreabh Dhíreach**

  Tar éis limistéar faoi fhorghabháil a bhrath, stiúrann sé an aershreabh go dtí an limistéar faoi áitíocht.
- **Aershreabh Indíreach**

  Tar éis limistéar áitithe a bhrath, stiúrann sé an aershreabh go dtí an limistéar neamháitithe.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



3 Brúigh cnaipe < nó > chun na splancanna deilbhín thíos a shocrú ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



4 Brúigh an cnaipe < nó > chun an fheidhm díreach agus indíreach a shocrú.

- Gach uair a bhrúitear an cnaipe, athraítear an fheidhm san ord seo: Díreach ↔ Indíreach ↔ AS



❶ Díreach

❷ Indíreach

❸ As

5 Ansin brúigh an cnaipe **OK**.

Brath Neamhláithreachta

Athraíonn sé go huathoibríoch chuig an modh coigilte fuinnimh nuair nach bhfuil aon duine i láthair.

- Má fhágann tú an gléas casta air agus tú as baile, déanann an gléas oibríocht fuarúcháin coigilte fuinnimh go huathoibríoch nó múchann sé an chumhacht nuair a théann an t-am braite neamhláithreachta in éag, rud a shábhálann airgead ar bhillí leictreachais.

- Ceangail an gléas leis an bhfeidhmchlár **LG ThinQ** chun an t-am braite easnaimh agus an modh braite easnaimh a shocrú.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



3 Brúigh an cnaipe < nó > chun na splancanna deilbhín thíos a shocrú ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



4 Brúigh an cnaipe < nó > chun an fheidhm braite neamhláithreachta a shocrú.

- Gach uair a bhrúitear cnaipe, athraíonn an fheidhm san ord seo: AIR ↔ AS

5 Ansin brúigh an cnaipe **OK**.

NÓTA

- Is féidir an oibríocht **Aershreabh Díreach agus Indíreach** a úsáid leis na modhanna **Fuaraithe** agus **Téamh**.
- D'fhéadfadh íogaireacht an bhraiteora radair a bheith éagsúil ag brath ar an timpeallacht agus ar na coinníollacha laistigh, lena n-áirítear:

- Mura bhfuil mórán gluaiseachta ann, mar shampla agus tú ag breathnú ar an teilifís nó ag codladh
- Má tá tú i do shuí ar an urlár in aice leis an ngléas
- Má tá tú i suíomh i bhfad ón ngléas thart ar 5 m (16 ft) nó níos mó

• D'fhéadfaí rudaí atá ag gluaiseacht, ar nós gaothráin, folúsghlantóirí róbait, nó ainmhithe coimhdeachta, a mheascadh le daoine.

Uaineadóir Codlata

Is féidir leat an gléas a chasadh as go huathoibríoch i ndiaidh ama socraithe. Athróidh an gléas an teocht, luas an ghaothráin agus treo sreabhaidh aeir go huathoibríoch.

Is féidir an fheidhm seo a shocrú nuair atá an gléas casta air.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Sleep**.



3 Brúigh an cnaipe < nó > chun an t-am inmhianaithe a shocrú. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.

• Ó 30 nóiméad ar aghaidh, is féidir an t-amadóir codlata a shocrú in incrimintí uaire suas go dtí 12 uair an chloig.



NÓTA

- Taispeántar ar scáileán an aonaid faoi dhíon ó 1 Hr go 12 Hr ar feadh 5 shoicind amháin agus ansin, ar shamhlacha áirithe, ní bhíonn sé le feiceáil níos mó.
- Sa mhód **Fuaraithe** agus **Díthaisithe**, méadaíonn an teocht 1 ℃ i ndiaidh 30 nóiméad agus 1 ℃ breise i ndiaidh 30 nóiméad eile le haghaidh codladh compordach. Méadaíonn an teocht suas le 2 ℃ ón teocht réamhshocraithe agus suas go dtí 30 ℃.
- Cé go bhféadfadh an táscaire don luas an ghaothráin ar an scáileán a bheith athraithe, socraítear luas an ghaothráin go huathoibríoch i roinnt samhlacha.

NÓTA

- Sa mhód **Téamh**, íslítear an teocht 1 ℃ i ndiaidh 1 uair an chloig agus 1 ℃ bhreise i ndiaidh 1 uair an chloig eile le haghaidh codladh níos compordaí. Íslítear an teocht suas le 2 ℃ ón teocht réamhshocraithe.

Amadóir Ar agus As

Is féidir leat an gléas a shocrú chun é a chasadh air nó as go huathoibríoch ag am inmhianaithe.

Is féidir an **t-Amadóir Ar** agus an**t-Amadóir As**a shocrú le chéile.

An t-Amadóir Ar a Shocrú

Is féidir leat an fheidhm a shocrú nó a chealú cibé an bhfuil an fearas casta air nó as.

1 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



2 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go splancann an deilbhín thíos ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



3 Brúigh an cnaipe < nó > chun an t-am inmhianaithe a shocrú. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.

- Is féidir leat an t-am a shocrú suas go dtí 24 n-uair.

An t-Amadóir As a Shocrú

Is féidir leat an fheidhm a shocrú nó a chealú cibé an bhfuil an fearas casta air nó as.

1 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



2 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go splancann an deilbhín thíos ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



3 Brúigh an cnaipe < nó > chun an t-am inmhianaithe a shocrú. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.

- Is féidir leat an t-am a shocrú suas go dtí 24 n-uair.

Socrú Amadóra a Chealú.

Is féidir leat gach socruithe amadóra a chealú.

1 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



2 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go splancann an deilbhín thíos ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



An Fheidhm Balbhaigh

Is féidir fuaim an dordánaí a chasadh air nó as chun fógra a thabhairt duit nuair a shocraíonn tú nó nuair a athraíonn tú feidhm an aerchóiritheora.

Rochtain Thapa

1 Brúigh an cnaipe **Sound** chun an fheidhm **Bhalbhaithe** a shocrú.



Ag Úsáid an Roghchláir Feidhme

1 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



2 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go bhfuil an deilbhín thíos ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



NÓTA

- Socraigh an fheidhm gach uair, athraíonn an fheidhm air agus as.
- Nuair a bhíonn Balbhaigh socraithe, bíonn OF le feiceáil ar feadh meandair ar scáileán taispeána roinnt aonad faoi dhíon agus múchtar fuaim an dordánaí.
- D'fhéadfadh an fheidhm seo a oibriú ar bhealach difriúil ag brath ar an gcineál.

Feidhm Mhúchadh an tSolais

Is féidir leat gile an scáileáin aonaid faoi dhíon a shocrú.

Rochtain Thapa

1 Brúigh an cnaipe **Light** chun an fheidhm solas as a shocrú.



Ag Úsáid an Roghchláir Feidhme

1 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



2 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go bhfuil an deilbhín thíos ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



NÓTA

- Casann an cnaipe an scáileán air nó as.
- Má shocraítear gile scáileán an aonaid faoi dhíon go ‘casta as’, castar an scáileán air go huathoibríoch ar feadh tréimhse ghearr nuair a bhrúitear cnaipe ar an gcianrialtán gan sreang.
- D’fhéadfadh an fheidhm seo a oibriú ar bhealach difriúil ag brath ar an gcineál.

Feidhm Chiúin (Ar Roinnt Cineálacha)

Is féidir leat an fhuaim an aonaid faoin aer a laghdú ionas nach gcuirfidh trioblóid ar chomharsana.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



3 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go splancann an deilbhín thíos ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



4 Brúigh an cnaipe < nó > chun an fheidhm chiúin a shocrú.
- Gach uair a bhrúitear cnaipe, athraíonn an fheidhm san ord seo: AIR ↔ AS

5 Ansin brúigh an cnaipe **OK**.

NÓTA

- Tá an fheidhm seo díchumasaithe nuair a bhrúnn tú an cnaipe **Mode** nó **Jet/Soft**.
- Tá an fheidhm seo ar fáil le móid **Fuaraithe**, **Téimh**, agus **Uath-Athraithaigh**.
- Nuair a bhíonn sé ceangailte leis an aonad Faoin Aer Iolrach, b'fhéidir nach mbeadh an fheidhm seo ar fáil.

Feidhm Téimh Ísil (Ar Roinnt Cineálacha)

Is féidir leat an fheidhm théimh a oibriú chun íosteocht an tseomra a choinneáil agus rudaí sa seomra a chosc ar an sioc nuair a fhágann tú ón mbaile ar feadh tréimhsí fada.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



3 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go splancann an deilbhín thíos ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



NÓTA

- Tá an fheidhm seo ar fáil leis an mód **Téimh**.
- Chun teacht ar ais ar mhód **Téimh**, brúigh an cnaipe **Luas Gaothráin**+— nó **Mode**.
- Má bhrúitear an cnaipe **Jet/Soft** nuair bhíonn an fheidhm **Ísealtéamh** ag oibriú, díchumasaítear an fheidhm agus castar an mód **Téamh Scairde** air láithreach (ar shamhlacha **Téamh Scairde**).
- Má tharlaíonn earráid, d'fhéadfadh go gcuirfear isteach ar oibriú chun aon damáiste don ghléas a sheachaint.
- Ní féidir an cnaipe **Luascadh Suas-Síos** a úsáid nuair a bhíonn an fheidhm **Ísealtéamh** ar siúl.
- Taispeántar an sprioc-theocht ar an aonad faoi dhíon.

NÓTA

- Is féidir an teocht inmhianaithe a shocrú idir 8°Cagus 15°C
- Nuair a bhíonn sé ceangailte leis an aonad Faoin Aer Iolrach, b'fhéidir nach mbeadh an fheidhm seo ar fáil.

Teocht an tSeomra a Sheiceáil.

Is féidir leat teocht reatha an tseomra a sheiceáil.

1 Cas an gléas air.

2 Brúigh an cnaipe **Feidhm**.



3 Brúigh an cnaipe < nó > go dtí go splancann an deilbhín thíos ag bun an scáileáin taispeána. Ansin brúigh an cnaipe **OK**.



NÓTA

- Taispeántar teocht an tseomra ar feadh thart ar 5 shoicind agus ansin filltear ar an méid a taispeánadh roimhe sin.
- D'fhéadfadh an fheidhm seo a oibriú ar bhealach difriúil ag brath ar an gcineál.

